



MIONTUAIRISCÍ

chruinniú an 8 Nollaig 2021, 16.15-18.45

An Bhruiséil

Seomra SPAAK 1A2

Cuireadh tús leis an gcrúinniú ar 16.20 Dé Céadaoin, 8 Nollaig 2021, agus ba é Guy VERHOFSTADT (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

(I seomra iata)

1. Glacadh an chláir oibre Dréachtchlár Oibre (2021)0112_EN

Glacadh an clár oibre mar a moladh.

2. Fógraí an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach na Comhaltaí ar an eolas faoi na hathruithe is déanaí ar chomhdhéanamh na Toscaireachta: Tá Ivan VILIBOR Sin i (NI, HR) tar éis teacht in ionad

Dorien ROOKMAKKER (NI, NL). D'fhág Johan DANIELSSON (S&D, SE) an Parlaimint ón 30 Samhain 2021 chun fónamh mar Aire Tithíochta agus mar Leas-Aire Fostaíochta sa tSualainn; Cuirfidh an Grúpa an t-ionadú in iúl in am trátha. Mar thoradh air sin, tá 107 gcomhalta á n-áireamh go sealadach ag toscaireacht PE.

Thug an Cathaoirleach tuairisc freisin ar na cruinnithe a bhí aige le déanaí mar Chathaoirleach na Toscaireachta, lena n-áirítear freastal ar Chruinniú Iomlánach COSAC (30 Samhain 2021), inar deimhníodh an cuspóir cruinniú comhpháirteach idir Toscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa agus Toscaireachtaí na bParlaimintí Náisiúnta a eagrú do Sheisiún Iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. D'fhéadfaí an cruinniú comhpháirteach a réachtáil ar imeall sheisiún iomlánach na Comhdhála, an 17 Feabhra 2022 (le deimhniú). Leag an Cathaoirleach amach gnéithe a d'fhéadfadh a bheith sa dréachtchlár oibre agus d'iarr sé ar na Feisirí a dtuairimí a thabhairt i scríbhinn maidir leis na gnéithe sin.

Ar deireadh, d'fhógair an Cathaoirleach roinnt doiciméad spéise don Toscaireacht. Ar an gcéad dul síos, tharchuir Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (AFCO) seacht ndoiciméad oibre a dhréachtaigh an coiste i gcomhthéacs na Comhdhála. Foilsítear na doiciméid ar shuíomh gréasáin thoscaireacht PE ([link](#)). Ar an dara dul síos, tá roinnt doiciméad de chuid na Comhdhála ar fáil, a roinneann an Rúnaíocht nó a roinnfidh an Rúnaíocht iad go luath ar leathanach gréasáin PE. Áirítear leis sin na tuarascálacha ó sheisiúin ar líne Phainéil na Saoránach 1 agus 2 (arna gcur in iúl do na Feisirí); an 3ú tuarascáil eatramhach ón Ardán Digiteach (atá le foilsiú an 9 Nollaig 2021) agus tuarascálacha náisiúnta éagsúla na bpainéal, go háirithe na moltaí ó phainéil náisiúnta na Fraince.

3. Malartú tuairimí ar eagrú Sheisiún Iomlánach agus Mheithleacha na Comhdhála

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

Labhair na Feisirí seo a leanas: Gabriele BISCHOFF, Morten LØKKEGAARD, Daniel FREUND, Laura HUHTASAARI, Michiel HOOGEVEEN, Helmut SCHOLZ, Manfred WEBER.

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

(Sruthú gréasáin)

5. Malartú tuairimí maidir le staid na himeartha i dtaca leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (tuarascálacha eatramhacha Ardáin agus Painéil na Saoránach) i ndáil le ‘Athrú aeráide, comhshaol / sláinte’ agus ‘AE sa domhan / imirce’, le hionadaithe ón tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta ag seisiún iomlánach na Comhdhála

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

Rinneadh an malartú tuairimí a roinnt ina dhiaidh sin ina gceithre dhíospóireacht ar na fo-ábhair chomhfhreagracha, san ord seo a leanas: Chuir cainteoir seachtrach ó chomhpháirt eile den Chomhdháil -eadhon, Comhpháirtithe Sóisialta agus an tSochaí Shibhialta – tús le gach díospóireacht, faoi seach:

(1) *'Athrú Aeráide agus an Comhshaol'*;

(2) *'Sláinte'*;

(3) *'An Eoraip sa domhan'* agus

(4) *'Imirce'*;

Labhair na Comhaltaí agus na haíonna seo a leanas:

'Athrú Aeráide agus an Comhshaol': Livia SPERA (Cónaidhm Oibríthe Iompair na hEorpa – ETF); Herbert DORFMANN; Gabriele BISCHOFF; Eleonora EVI; Laura HUHTASAARI;

Beata SZYDLO; Vera TAX; Livia SPERA (ETF)

'Sláinte': Valeria RONZITTI (Seirbhísí Leasa Ghinearálta – SGI); Patricia TOIA; Alin MITUTA; Dolores MONTSERRAT; Domènec RUIZ DEVESA; Valeria RONZITTI (SGI)

'An Eoraip sa Domhan': Yves BERTONCINI (Gluaiseacht na hEorpa - EMI); Danuta HUEBNER; Deirdre CLUNE; Vladimir BILCIK; Yves BERTONCINI (Gluaiseacht na hEorpa - EMI);

'Imirce': Milosh RISTOVSKI (Aontas na bhFeidearálach Eorpach Óg - YEF); Marc ANGEL; Jordi SOLÉ; Gunnar BECK; Angel DZHAMBAZKI; Milosh RISTOVSKI (YEF)

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

4. Aon ghnó eile

-

5. Na chéad chruinnithe eile

12 Eanáir 2022 sa Bhruiséil.

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 18.43.

LIOSTA TINRIMH

I LÁTHAIR SA SEOMRA

ANGEL,BECK, BIL ÍK, BISCHOFF, CSEH, DORFMANN, EVI,
FREUND,GOZI,HOOGEVEEN, HUHTASAARI, KARAS, LØKKEGAARD, METSOLA,
MITU A, PAGAZAURTUNDÚA, PUIGDEMONT I CASAMAJÓ, RUIZ DEVESA,
SCHOLZ, SOLÉ, TAX, VERHOFSTADT

I LÁTHAIR Ó CHIAN

AI-SALHANI, ARIMONT, BENTELE, BIZZOTTO, CHARAZNOVA, CHRISTOFOROU,
CIMOSZEWICZ, CLUNE, DE LANGE, DOBREV, DURAND, DZHAMAZKI, FARRENG,
HAIDER, HÜBNER, KANKO, KUBILIUS, MEBAREK, MEIMARAKIS MONTSERRAT,
MURE AN, NIENAß, PAPADIMOULIS, PICULA, SCHIEDER, SILVA PEREIRA,
SZYDŁO, TRÓCSÁNYI, UŠAKOVŠ, TOIA, WISELER-LIMA, YENBOU